*Rang 2 / Bliain 4 (P4)*

**An Cat sa Scáthán**

Bhí pus beag dubh ag súgradh,
Bhí scáthán ar an bhalla,
Chonaic Pus cat eile
Ag léim ansin sa halla.

Chonaic sé an cat dubh
Le ribín álainn bán,
Níor mhaith le Pus an cat sin
Ag súgradh sa scáthán.

“Amach leat as seo!
Amach leat as seo go tapaidh!”
Ach bhuail Pus bocht an scáthán,
Agus ghortaigh sé a lapa.